# Ciapadh Gnéasach



# Ciapadh Gnéasach - sainmhíniú.

**Is éard is ciapadh gnéasach ann iompraíocht ghnéis bhriathartha agus neamhbhriathartha nach dteastaíonn agus a chuireann náire, míchompord nó scanradh ar dhuine. Is éard a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis seo lámh a chur ar dhuine gan iarraidh, tráchtanna nó jócanna míchuí a dhéanamh, pictiúir ghnéis a sheoladh nó a thaispeáint, nó aon ghníomh eile a fhágann go mbraitheann duine nach bhfuil meas air nó nach bhfuil sé sábháilte.**

# An saincheist do dhéagóirí é an ciapadh gnéasach?

Mura ndeirtear a mhalairt, fuarthas na staitisticí seo a leanas ó “Storm and Stress“ An Exploration of Sexual Harassment Amongst Adolescents, 2021.

## I suirbhé a rinneadh in 2021 ar 599 ndalta, cé mhéad díobh a thuairiscigh go ndearnadh ciapadh gnéasach de chineál éigin orthu le bliain anuas?

a. 35%
b. 80%
c. 58%

# Faoi réir cineál éigin ciaptha ghnéasaigh le bliain anuas




Rinneadh ciapadh gnéasach de chineál éigin ar 80 % de na hógánaigh le bliain anuas.

## I suirbhé a rinneadh in 2021 ar 599 ndalta, cé mhéad díobh a thuairiscigh go bhfaca siad cineál éigin ciaptha ghnéasaigh le bliain anuas?

a. 83%
b. 47%
c. 65%


# Ciapadh gnéasach a chonacthas le bliain anuas



I gcás 83 % de na hógánaigh a ndearnadh suirbhé orthu, rinneadh ciapadh gnéasach de chineál éigin orthu le bliain anuas.

## I suirbhé a rinneadh in 2021 ar 599 ndalta, cad iad na trí phríomhshuíomh inar tharla ciapadh gnéasach?


# Na suímh is coitianta ciaptha




I suirbhé a rinneadh in 2021 ar 599 ndalta, cén inscne is mó a d'fhulaing ciaptha ghnéasaigh?

# Rinneadh leibhéil níos airde ciaptha ghnéasaigh ar chailíní ná ar bhuachaillí.

Bhí dóchúlacht **2.11** uair níos mó ann go ndéanfadh cailíní tráchtanna gnéasacha gan iarraidh a thuairisciú i gcomparáid le buachaillí.



## I suirbhé a rinneadh in 2021 ar 599 ndalta, an daltaí na Sraithe Sóisearaí nó na Sraithe Sinsearaí is mó a d’fhulaing an ciapadh gnéasach?

# An aois is mó ag ar fhulaing déagóirí an ciapadh gnéasach



Ógánaigh darb aois: 16-17, d'fhulaing siad leibhéil ciaptha ghnéasaigh i bhfad níos airde ná déagóirí idir 13 agus 15 bliana d'aois.

**I suirbhé a rinneadh in 2021 ar 599 dalta, rinneadh leibhéil chomhionanna ciaptha ghnéasaigh ar dhaltaí LADT+ agus a bpiaraí 'díreacha'.**

**Fíor nó Bréagach?**


**Bréagach:** Rinneadh leibhéil níos airde ciaptha ghnéasaigh ar ógánaigh LADT+ ná mar a rinneadh ar dhaoine a bhí 'díreach'. 68 % de dhaoine óga LADT + i gcomparáid le 20 % de dhaltaí ar fud an staidéir (Tuairisc Storm & Stress 2021).

**56%** % de dhaltaí LADTA+, chuala siad ráitis homafóbacha ó fhoireann na scoile.

**76%** de dhaltaí LADTA+, ní bhraitheann siad sábháilte ar scoil in Éirinn.

**69%** de dhaltaí LADTA+ chuala siad ráitis homafóbacha Ó dhaltaí eile.








**Suirbhé Aeráide Scoile Sheirbhísí Óige BelonG To 2022.**